Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 22 Márta 2019
(OR. en)

7601/19

**Comhad Idirinstitiúideach: 2018/0900(COD)**

CODEC 691
JUR 142
COUR 15
INST 80

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Prótacal Uimh. 3 ar Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. Ar an 26 Márta 2018, tharchuir Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh iarraidh faoi Airteagal 281 CFAE le haghaidh leasú ar Phrótacal Uimh. 3 ar Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, ina raibh ceithre phríomh-chomhpháirt[1].

2. Thug an Coimisiún a thuairim uaidh maidir leis an iarraidh ar an 11 Iúil 2018[2].

3. Thíolaic an Chúirt Bhreithiúnais iarraidh mhodhnaithe ar an 10 Lúnasa 2018 nach raibh inti ach na codanna sin nach raibh aon fhadhbanna ag roinnt leo, a seoladh chuig na Ballstáit le go dtabharfaidís a mbarúlacha i scríbhinn ina leith[3].

4. Ar an 23 Deireadh Fómhair 2018, thug an Coimisiún tuairim nua fhabhrach uaidh maidir leis an iarraidh mhodhnaithe[4].

[1] 7586/18.
[2] 11076/18.
[3] 11887/18.
[4] 13587/18.

5. Ar an 13 Márta 2019, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstitiúidí air agus, dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh glacadh ag an gComhairle leis[5].

6. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a dhaingniú go n-aontaíonn sé leis sin agus iarrtar air a mholadh don Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE CONS 1/19 é, a fhormheas mar mhír "A" ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo.

Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus ag Uachtarán na Comhairle, déanfar é a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

---

[5] 7124/19.